AN COIMISIÚN
EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS
DO GHNÓTHAÍ
EACHTRACHA AGUS DON
BHEARTAS SLÁNDÁLA

An Bhruiséil, 14.6.2021
JOIN(2021) 12 final/2 -
DOWNGRADED ON 9.2.2023

2021/0153 (NLE)

Togra comhpháirteach le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i dtaca leis an mBealarúis

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle, déantar foráil maidir le cistí agus acmhainní eacnamaíocha a chalcadh agus toirmisctear leis cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhaoine, d'eintitis nó do chomhlachtaí atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine nó as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a chur faoi chois, nó a mbaineann an bonn ón daonlathas nó ón smacht reachta sa Bhealarúis ar bhealach eile nó a bhaineann tairbhe as réimeas Lukashenka nó a thacaíonn leis an réimeas sin. Cuirtear toirmeasc leis freisin ar sholáthar cúnaimh theicniúil a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht atá liostaithe i gComhliosta Míleata an Aontais Eorpaigh nó a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid earraí den sórt sin. Forchuirtear leis cosc ar onnmhairiú trealaimh a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh brú faoi chois inmheánach chuig aon duine, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena úsáid sa Bhealarúis, agus toirmisctear cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a chur ar fáil. Cuireann sé toirmeasc freisin ar aeriompróirí na Bealarúise teacht i dtír i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi nó eitilt thairsti.

(2) Tugtar éifeacht le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle do na bearta dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/642/CBES.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2021/XXX ón gComhairle tugtar isteach sonrúcháin áirithe atá dírithe ar na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 24 agus an 25 Bealtaine 2021 a chur chun feidhme tar éis dóibh tabhairt ar eitilt de chuid Ryanair, a bhí ag taisteal idir dhá phointe laistigh den Aontas Eorpach, tuirlingt éigne a dhéanamh go mídhleathach i Mionsc, an Bhealarúis, an 23 Bealtaine 2021. An..., ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/XXX ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES chun maoluithe nua áirithe a thabhairt isteach maidir le calcadh sócmhainní agus toirmeasc ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhaoine nó d'eintitis liostaithe chun iarmhairtí neamhbheartaithe na n-ainmniúchán nua sin a sheachaint. Baineann na maoluithe sin le heitiltí chun críocha daonnúla, chun freastal ar chruinnithe polaitiúla áirithe agus eitiltí éigeandála áirithe chomh maith le cúrsaí aersháibháilteachta agus ní mór iad a léiriú i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006.

(4) Tagann na leasuithe sin faoi raon feidhme an Chonartha agus, dá bhrí sin, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach é sna Ballstáit uile, tá gá le gníomh rialála ar leibhéal an Aontais.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart don Ardionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus don Choimisiún a mholadh Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a leasú dá réir sin.

2021/0153 (NLE)

Togra comhpháirteach le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i dtaca leis an mBealarúis

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint don Chinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis[1],

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006[2] ón gComhairle, déantar foráil maidir le cistí agus acmhainní eacnamaíocha a chalcadh agus toirmisctear leis cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhaoine, d'eintitis nó do chomhlachtaí atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine nó as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a chur faoi chois, nó a mbaineann an bonn ón daonlathas nó ón smacht reachta sa Bhealarúis ar bhealach eile nó a bhaineann tairbhe as réimeas Lukashenka nó a thacaíonn leis an réimeas sin. Cuirtear cosc leis freisin ar sholáthar cúnaimh theicniúil a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht atá liostaithe i gComhliosta Míleata an Aontais Eorpaigh nó a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin. Forchuirtear leis toirmeasc ar onnmhairiú trealaimh a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh brú faoi chois inmheánach chuig aon duine, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena úsáid sa Bhealarúis, agus toirmisctear cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a chur ar fáil. Cuireann sé toirmeasc freisin ar aeriompróirí na Bealarúise teacht i dtír i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi nó eitilt thairsti.

(2) Tugtar éifeacht le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle do na bearta dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/642/CBES.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2021/XXX[3] ón gComhairle tugtar isteach sonrúcháin áirithe atá dírithe ar na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 24 agus an 25 Bealtaine 2021 a chur chun feidhme tar éis eitilt ó Ryanair laistigh den Aontas Eorpach a chur i dtír go héigeantach i Mionsc, an Bhealarúis, an 23 Bealtaine 2021. Le

---

1 IO L 285, 17.10.2012, lch. 1.

2 Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle an 18 Bealtaine 2006 maidir le bearta sriantacha i leith na Bealarúise (IO L 134, 20.5.2006, lch. 1).

3 [*Cuir isteach tagairt iomlán.*]

Cinneadh (CBES) 2021/XXX[4] ón gComhairle leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES chun maoluithe nua áirithe a thabhairt isteach maidir le calcadh sócmhainní agus toirmeasc ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhaoine nó d'eintitis liostaithe chun iarmhairtí neamhbheartaithe na n-ainmniúchán nua sin a sheachaint. Baineann na maoluithe sin le heitiltí chun críocha daonnúla, chun freastal ar chruinnithe polaitiúla áirithe agus eitiltí éigeandála áirithe chomh maith le cúrsaí aersháibháilteachta agus ní mór iad a léiriú i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a leasú dá réir.

(5) Chun a áirithiú go mbeidh na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo éifeachtach, ba cheart don Rialachán seo a theacht i bhfeidhm láithreach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal (3)1 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, cuirtear na pointí seo a leanas leis:

'(d) atá beartaithe go heisiach chun muirear is gá do cheann amháin díobh seo a leanas a íoc:

(i) eitiltí a oibriú arb é is aon chuspóir daonchairdiúil leo, amhail seachadadh cúnaimh, lena n-áirítear soláthairtí liachta, bia, aistriú oibrithe daonnúla agus cúnamh gaolmhar, a sheachadadh nó a éascú;

(ii) eitiltí a oibriú a theastaíonn chun freastal ar chruinnithe polaitiúla arb é is cuspóir leo réiteach síochánta daonlathach a fháil ar an ngéarchéim sa Bhealarúis agus/nó a chuireann cuspóirí beartais na mbeart sriantach chun cinn, nó

(iii) ar mhaithe le héigeandáil, éirí de thalamh nó traseitilt ag aeriompróir AE;

(e) a bhfuil gá leo chun déileáil le cúrsaí aersháibháilteachta práinneacha atá sainaitheanta go soiléir agus tar éis dul i gcomhairle roimh ré le Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh.'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

[4] [*Cuir isteach tagairt iomlán.*]